# Repeat of Leaving Certificate Course Fees

1. **Introduction**
   Schools are reminded that applications for a student to repeat a year at post-primary must be processed in full compliance with the provisions of Circular M02/95 – Repeat of a Year of Post-Primary Level.

2. **Eligibility**
   Pupils who have already sat the Leaving Certificate Examination may be enrolled as recognised pupils to repeat Leaving Certificate Year 2 and the appropriate Leaving Certificate Examination, once the appropriate course and examination fees are paid.

3. **Course Fee**
   The repeat course fee is **€126.97 per pupil**. Pupils whose parents or guardians are the holders of current medical cards will be exempted from the payment of the course fee on production of the medical card for noting by the school authorities, Circular 0095/2007.

   Pupils should also be advised that the course fee is paid on a non-refundable basis. The only exception is where the pupil/parent/guardian becomes the holder of a medical card before 1st February of the academic year in which the repeat is taking place.

   **Pupils in respect of whom the course fee is due but not received will not be reckoned as recognised pupils for the purposes of staffing and grant allocations.**

4. **Payment Instructions**
   Schools should forward the total amount of the fees due together with Form M02/95C no later than the **6th of October** of the school year in which pupils are repeating to:

Schools Division Financial,
Department of Education and Youth,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath
N37 X659

**Cheques should be made payable to:**
**"The Accountant, Department of Education and Youth"**

## 5. Further Information

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU.

Financial Support Services Unit
Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

*14th September 2026*

# Táillí Cúrsa le Dul faoin Ardteistiméireacht in Athuair

1. **Réamhrá**
   Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go gcaithfear forálacha uile Chiorclán M02/95 (Bliain Iar-Bhunscoile a Dhéanamh in Athuair) a chomhlíonadh agus iarratas ó scoláire le bliain Iar-Bhunscoile a dhéanamh in athuair á phróiseáil.

2. **Incháilitheacht**
   Scoláirí a ndeachaigh faoi Scrúdú na hArdteistiméireachta cheana féin, féadfar iad a chlárú mar scoláirí aitheanta chun Bliain 2 na hArdteistiméireachta agus an scrúdú cuí de chuid na hArdteistiméireachta a athdhéanamh, a luaithe a bheidh na táillí cuí cúrsa agus scrúdaithe íoctha.

3. **Táille an Chúrsa**
   **Is é €126.97 an táille in aghaidh an scoláire**. Scoláirí a bhfuil cárta leighis ag a dtuismitheoirí nó ag a gcaomhnóirí, beidh siad díolmhaithe ón táille chúrsa ach an cárta leighis a thaispeáint d'údaráis na scoile, Ciorclán 0095/2007.

   Moltar do scoláirí a choinneáil i gcuimhne chomh maith go n-íoctar an táille chúrsa ar bhonn neamh-in-aisíoctha. Is é an t-aon eisceacht atá ann ná nuair a thagann an scoláire/tuismitheoir/caomhnóir chun bheith ina shealbhóir cárta leighis roimh an 1 Feabhra sa bhliain acadúil ina bhfuil an t-athdhéanamh le bheith ar siúl.

   **Scoláirí ar ina leith a bhfuil an táille chúrsa dlite ach fós amuigh, ní chuirfear san áireamh mar scoláirí aitheanta iad chun críche soláthar foirne ná leithdháileadh deontas.**

4. **Treoracha Íocaíochta**
   Ba cheart do scoileanna méid iomlán na dtáillí atá dlite a sheoladh ar aghaidh i dteannta Fhoirm M02/95C, tráth nach déanaí ná an 6 Deireadh Fómhair sa bhliain scoile ina bhfuil an t-athdhéanamh le déanamh ag an scoláire chuig:

Rannóg na Scoileanna Cúrsaí Airgeadais,
An Roinn Oideachais agus Óige,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí
N37 X659

**Ba chóir do sheiceanna a bheith iníoctha le "An Cuntasóir, an Roinn Oideachais agus Óige"**

## 5. Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa treoirlíne seo ach dul i dteagmháil leis an FSSU.

An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais
Teil: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 14 Meán Fómhair 2026*